

# TREOIR FAOI PHRÓISEAS NA nÉILEAMH BEAG

Is féidir Foirm Iarratais maidir le hÉilimh Bheaga a fháil ón gCláraitheoir um Éilimh Bheaga in Oifig na Cúirte Dúiche go háitiúil nó is féidir ceann a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna [www.courts.ie](http://www.courts.ie). €47 atá mar tháille ar éileamh beag a dhéanamh.

Ba chóir an fhoirm iarratais arna chomhlánaithe a lóisteáil leis an gCláraitheoir um Éilimh Bheaga maille leis an táille €47. Sa chás gur in aghaidh cuideachta a dhéantar éileamh, ba chóir ainm cláraithe na cuideachta a thabhairt go cruinn. (Tugtar mionsonraí ar láithreán gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie))

Seolfaidh an Cláraitheoir cóip den fhoirm iarratais atá chomhlánaithe agat chuig an té/bpáirtí a bhfuil tú ag déanamh an éilimh ina aghaidh, dá ngairtear an Freagróir. Coimeádfar an fhoirm iarratais bhunaidh in oifig an Chláraitheora.

## NÍ DHÉANTAR AIGHNEAS IN AGHAIDH AN ÉILIMH

Tagann freagra ón bhFreagróir agus cuirtear foirm Fógra Dliteanais ar ais. Is iondúil go mbíonn íocaíocht ar an tsuim atá dlite in éineacht leis an bhfoirm. Sa chás nach bhfaightear íocaíocht, tá an tÉilitheoir i dteideal foirm leasaithe mionnscribhinne a mhionnú agus breithiúnas achomair a lorg gan aon ghá le héisteacht chúirte.

Ní thugann an Freagróir freagra. Glactar leis gur admháil dliteanais sin.

Is féidir leis an Éilitheoir mionnscribhinn féich a mhionnú os comhair an Chláraitheora um Éilimh Bheaga (níl táille i gceist), Coimisinéir Mionn nó aturnae atá i mbun cleachtaidh (gearrfar táille sa dá chás).

Seolfar litir chuig an bhFreagróir ag cur na breithe sin in iúl dó/di agus ag tabhairt 2 sheachtain dó/di leis an íocaíocht a dhéanamh.

**Éiríonn leis an Éilitheoir.** Cuirtear an cinneadh in iúl don bhFreagróir tríd an bpost agus tugtar timpeall 4 seachtaine chun suim na dámhachtaine a íoc.

Sa chás nach bhfaightear íocaíocht in am is i dtráth, eisítear forairthne.

Is féidir an fhorairthne a lóisteáil leis an Sirriam d'fhonn a forfheidhmithe. Gearrfaidh an Sirriam táille. Is féidir an táille sin a fháil ar ais sa chás go n-éiríonn leis an Sirriam an tsuim atá dlite a bhailiú.

Sa chás nach dtagann íocaíocht an tráth sin, ba chóir don Éilitheoir comhairle dlíodóra a fháil maidir le himeachtaí forfheidhmithe a thionscnamh.

## DÉANTAR AIGHNEAS IN AGHAIDH AN ÉILIMH

Seolann an Freagróir fógra chuig an gCláraitheoir ag déanamh aighnis mar gheall ar an éileamh agus/nó ag déanamh frithéilimh. Seoltar cóip chuig an éilitheoir.

Déanfaidh an Cláraitheoir iarracht réiteach a fháil ar an éileamh le headráin idir an dá pháirtí.

Sa chás nach dtagtar ar réiteach sásúil, socróidh an Cláraitheoir, ar a iarraidh, dáta, am agus ionad éisteachta os comhair breithimh de chuid na Cúirte Dúiche.

## ÉISTEACHT CHÚIRTE

**Ní éiríonn leis an Éilitheoir.** Is féidir leis an Éilitheoir achomharc a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda mar a bhféadfaí na costais a ghearradh ar cheachtar den dá pháirtí.

Is féidir leis an bhFreagróir achomharc a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda mar a bhféadfaí na costais a ghearradh ar cheachtar den dá pháirtí.

Maidir le tuilleadh eolais, féach láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna [www.courts.ie](http://www.courts.ie). Tá eolais um Threoir maidir le hÉilimh Bheaga ar fáil chomh maith.